Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5304/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0001(NLE)**

**FISC 5**
**ECOFIN 59**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Eanáir 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 4 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear an Ghréig le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 4 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 4 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2025
COM(2025) 4 final

2025/0001 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear an Ghréig le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] (dá ngairtear 'an Treoir maidir le CBL' anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 2 Iúil 2024, d'iarr an Ghréig údarú chun maolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL le bheith in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a fhorchur le haghaidh idirbhearta idir daoine inchánach atá bunaithe sa Ghréig (idirbhearta 'gnólacht le gnólacht').

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 24 Meán Fómhair 2024 maidir leis an iarraidh a rinne an Ghréig. Le litir dar dáta an 25 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún in iúl don Ghréig go raibh an fhaisnéis uile ba ghá aige chun an iarraidh a mheas.

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Forais agus cuspóirí an togra

Chuir an Ghréig iarraidh isteach ar mhaolú, bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, le bheith údaraithe chun oibleagáid a chur chun feidhme maidir le ríomhshonraisc a eisiúint le haghaidh idirbhearta idir daoine inchánach atá bunaithe sa Ghréig. Tá ardán digiteach ar a dtugtar 'myDATA' i bhfeidhm ag an nGréig. Ní mór d'eintitis a bhfuil sé d'oibleagáid orthu taifid chuntasaíochta a choinneáil, i gcomhréir le reachtaíocht na Gréige, sonraí idirbheart ioncaim agus costais a tharchur chuig an ardán sin.

Faoi láthair, tá bealaí éagsúla ann ar féidir iad a úsáid chun na sonraí a tharchur chuig an ardán. A luaithe a chuirfear an ríomhshonrascadh sainordaitheach chun feidhme sa Ghréig, beidh ríomhshonraisc ar an bpríomhbhealach don tarchur sin, agus cuirfear a gcuid sonraí go díreach ar ardán myDATA. Mar thoradh air sin, tiocfaidh an fhaisnéis isteach i bhfíor-am agus beidh ardleibhéal cáilíochta aici, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca agus níos sciobtha don riarachán cánach cásanna calaoise CBL a bhrath. Thairis sin, úsáidfear an fhaisnéis a gheofar chun tuairisceáin CBL réamhlíonta a ullmhú, rud a chuideoidh le gnólachtaí a n-oibleagáidí CBL a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, tá uirlis dhigitithe chun earraí a iompair á forbairt faoi láthair, agus tá úsáid á baint chuige sin as cumais ardán digiteach myDATA. Tá sé d'aidhm ag an uirlis sin faireachán digiteach a dhéanamh ar na hearraí uile a sheachadtar i bhfíor-am. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, cuireadh an creat institiúideach maidir le heisiúint leictreonach doiciméad chun earraí a iompar i bhfeidhm in 2024, agus tá cur chun feidhme creata oibríochtúil theicniúil á ullmhú, chun comhlíontacht na ndaoine inchánach a éascú.

Leis na bearta éagsúla a cuireadh chun feidhme go dtí seo, cuidíodh leis an nGréig a bearna CBL a laghdú. De réir na tuarascála maidir leis an mbearna CBL san Aontas[2], a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach, tháinig laghdú ar an mbearna CBL ó 29,1 % in 2017 go 17,8 % in 2021, agus tuartar sa réamhaisnéis le haghaidh 2022 go dtiocfaidh laghdú géar ar an bhfigiúr sin. De réir údaráis na Gréige, nuair a dhéanfar an ríomhshonrascadh sainordaitheach a thabhairt

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.
2 *VAT gap in the EU* [An bearna CBL san Aontas Eorpach] - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

isteach, cuideofar leis an bhfigiúr sin a laghdú a thuilleadh, ós rud é gur féidir leis a bheith ina ionstraim thábhachtach i dtreo an chomhraic i gcoinne na calaoise ciorclaí nó 'rothlaí', rud a chuirfidh ar chumas na n-údarás cánach na páirtithe lena mbaineann a shainaithint laistigh de thréimhse níos giorra.

De réir na Gréige, rachaidh cur chun feidhme an ríomhshonrasctha shainordaithigh chun tairbhe do dhaoine inchánach freisin mar go dtabharfar tuairisceáin CBL réamhlíonta dóibh, rud a fhágfaidh go bhféadfar iarrataí ar aisíocaíocht cánach a phróiseáil go tráthúil.

Tá tarchur na sonraí chuig ardán myDATA á chur chun feidhme de réir a chéile ó bhí 2018 ann, agus bhí feachtais faisnéise, tástálacha agus treoirthionscadail éagsúla ann mar chuid den phróiseas sin. Bhí daoine inchánach, cuntasóirí, cuideachtaí bogearraí agus soláthraithe seirbhíse páirteach sa phróiseas tástála.

Is féidir sonraí a tharchur chuig ardán myDATA trí chúig bhealach tarchurtha éagsúla: (1) soláthraithe ceadúnaithe seirbhísí ríomhshonrasctha, (2) cláir bogearraí (PAF) chun sonraisc a eisiúint agus iontrálacha cuntasaíochta a bhainistiú, (3) foirm speisialta clárúcháin sonraí arna soláthar ag an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí faoi choinníollacha áirithe, a bhaineann le heintitis bheaga, (4) córais leictreonacha chun doiciméid idirbheart miondíola a eisiúint agus (5) feidhmchlár ar a dtugtar 'timologio' chun sonraisc a eisiúint agus a tharchur, arna sholáthar ag an Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí.

Go sonrach, cuirtear an feidhmchlár 'timologio' ar fáil saor in aisce agus meastar gur réiteach iontaofa é d'aon chineál fiontair agus go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide chun sonraí a eisiúint agus a tharchur i bhfíor-am. A luaithe a dheonófar an maolú, tá sé beartaithe ag an nGréig feidhmiúlacht an fheidhmchláir sin a leathnú, rud a bheidh ina bhealach chun an sainordú ríomhshonrasctha a chomhlíonadh.

De réir na Gréige, meastar go gcúiteofar an costas tosaigh a bhaineann le clárú le Soláthraí Seirbhíse Ríomhshonrasctha nó le huasghrádú na gclár bainistíochta atá ann cheana (cláir tráchtála/chuntasaíochta, PAF) a úsáideann na heintitis, trí na costais chuntasaíochta a laghdú (an costas a bhaineann le sonraisc a eisiúint, a sheoladh agus a stóráil), ach freisin trí fheabhas ginearálta a chur ar sheirbhísí digiteacha, rud a bhfuil coinne leis go n-éascóidh sé forbairt na fiontraíochta agus an méadú ar iomaíochas idir eintitis. Tá dreasachtaí cánach á dtabhairt ag an nGréig do dhaoine inchánach a aistríonn go dtí an ríomhshonrascadh go dtí an 31 Nollaig 2024. Dá réir sin, comhlíonfaidh eintitis a n-oibleagáidí cánach láithreach agus déanfaidh siad ar chostas níos ísle é. Leis an ríomhshonrascadh, rannchuideofar freisin leis an gcuspóir faisnéis rúnaicmithe a tharchur 'uair amháin' ós rud é go gcomhlíonfaidh na heintitis níos mó ná oibleagáid amháin trí idir-inoibritheacht, rud a spreagfaidh laghdú comhfhreagrach ar earráidí agus ar chostais riaracháin.

Ní cheanglaítear le hardán myDATA go dtarchuirtear na sonraí go léir sa sonrasc chuig an ardán, ní tharchuirfear ach amháin an fhaisnéis sin atá ábhartha chun críoch cánach.

Chun idir-inoibritheacht na gcóras ríomhshonrasctha a úsáidtear san Aontas Eorpach a áirithiú, ceadóidh an Ghréig sonraisc a eisiúint a chomhlíonann an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh agus liosta a chomhréireanna a foilsíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1870 ón gCoimisiún[3].

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1870 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le foilsiú na tagartha don chaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh agus liosta a chomhréireanna de bhun Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 266, 17.10.2017, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2017/1870/oj).

Le hAirteagal 218 den Treoir maidir le CBL, déantar foráil maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit glacadh le gach doiciméad nó teachtaireacht i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach araon mar shonraisc. Dá bhrí sin, ba mhaith leis an nGréig maolú a fháil ar an Airteagal thuasluaite den Treoir maidir le CBL chun nach féidir le riarachán cánach na Gréige ach doiciméid i bhfoirm leictreonach a mheas mar shonraisc.

Ceanglaítear le hAirteagal 232 den Treoir maidir le CBL go mbeidh úsáid ríomhshonraisc faoi réir ghlacadh an fhaighteora. Dá bhrí sin, chun oibleagáid maidir le ríomhshonrascadh a thabhairt isteach sa Ghréig, tá gá le maolú ar an Airteagal sin ionas nach mbeidh ar an eisitheoir toiliú an fhaighteora a fháil a thuilleadh chun sonrasc a sheoladh i bhformáid gan pháipéar.

Deonaítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun measúnú a éascú i dtaobh an beart speisialta a bheith iomchuí agus éifeachtach nó gan a bheith agus chun am a thabhairt do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart maolaithe in éag.

Thairis sin, tá togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[4] (an togra maidir le CBL sa ré dhigiteach) á phlé sa Chomhairle faoi láthair. Leis an Treoir sin, leasófar Airteagal 218 agus scriosfar Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL. Leis an athchóiriú sin, a luaithe a ghlacfar é, beidh na Ballstáit in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá maoluithe breise a iarraidh ar an Treoir maidir le CBL chun na córais sin a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, níor cheart an t-údarú lena gceadaítear don Ghréig leanúint de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 a dheonú ach amháin ar feadh na tréimhse is gá go dtí go dtiocfaidh an t-athchóiriú sin i bhfeidhm.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, an t-údarú a dheonú go dtí an 30 Meitheamh 2026. I bhfianaise na tréimhse giorra dá ndeonaítear an maolú sin, i gcás inar gá don Ghréig síneadh breise a chur leis an údarú sin, níor cheart aon tuarascáil a bheith ag teastáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le hAirteagal 218 den Treoir maidir le CBL, cuirtear sonraisc pháipéir agus ríomhshonraisc ar comhchéim trí fhoráil a dhéanamh go nglacfaidh na Ballstáit le doiciméid nó le teachtaireachtaí ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach mar shonraisc. De réir Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL, beidh úsáid ríomhshonraisc faoi réir ghlacadh an fhaighteora. Go deimhin, bheadh an ríomhshonrascadh sainordaitheach atá beartaithe ag an nGréig ina mhaolú ar an dá fhoráil sin.

Is féidir an maolú a údarú bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc. Nuair a dhéanfar ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme maidir le hidirbhearta gnólacht le gnólacht, comhlánófar ardán digiteach myDATA atá ann cheana, a úsáidtear chun sonraí a thuairisciú don riarachán cánach. Leis an ríomhshonrascadh sainordaitheach, beifear in ann na sonraí a sheoladh chuig an ardán i bhfíor-am agus cáilíocht is airde na sonraí a thuairiscítear á háirithiú san am céanna. Thairis sin, déanfar oibleagáidí CBL daoine inchánach a shimpliú ionas go mbeifear in ann tuairisceáin CBL réamhlíonta a ullmhú. Dá bhrí sin, leis an ríomhshonrascadh sainordaitheach atá beartaithe, rannchuideofar le simpliú na n-oibleagáidí CBL do dhaoine inchánach agus, go háirithe, leis an gcomhrac i gcoinne chalaois CBL. Tá an maolú arna iarraidh ag an nGréig i gcomhréir leis na forálacha beartais atá ann cheana.

[4] COM/2022/701 final.

Údaruithe comhchosúla lenar ceadaíodh don Iodáil, don Fhrainc, don Pholainn, don Ghearmáin agus don Rómáin maolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL d'fhonn ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, deonaíodh na húdaraithe sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle[5] (ar cuireadh síneadh leis le Cinneadh (AE) 2021/2251 ón gComhairle[6]), Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/133 ón gComhairle[7], Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1003 ón gComhairle[8], Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1551 ón gComhairle[9] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1553 ón gComhairle[10].

In 2020, ghlac an Coimisiún an '*Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Plean Gníomhaíochta maidir le cánachas cothrom simplí lena dtacaítear leis an straitéis téarnaimh*'[11]. Is é ceann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa phlean gníomhaíochta sin go nglacfaidh an Coimisiún togra reachtach arb é is aidhm dó oibleagáidí maidir le tuairisciú CBL a nuachóiriú. Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta, leis an togra sin, i measc nithe eile, ba cheart cuidiú le cuíchóiriú a dhéanamh ar na sásraí tuairiscithe is féidir a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta intíre. Déantar scrúdú freisin ar an ngá ríomhshonrascadh a leathnú a thuilleadh sa chomhthéacs sin.

Mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta sin, an 8 Nollaig 2022 ghlac an Coimisiún an togra maidir le CBL sa ré dhigiteach, togra atá á phlé sa Chomhairle. Leis an Treoir sin, leasófar Airteagal 218 agus scriosfar Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL. Leis an athchóiriú sin, a luaithe a ghlacfar é, beidh na Ballstáit in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá maoluithe breise a iarraidh ar an Treoir maidir le CBL chun na córais sin a chur chun feidhme. Ar an gcúis sin, a luaithe a dhéanfadh na Ballstáit an togra sin le haghaidh Treorach a thrasuí, ní bheadh aon éifeacht úsáideach ag an gCinneadh seo ón gComhairle a thuilleadh.

---

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle an 16 Aibreán 2018 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 99, 19.4.2018, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/593/oj).

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2251 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 454, 17.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/2251/oj).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/133 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena n-údaraítear don Fhrainc beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 20, 31.1.2022, lch. 272, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/133/oj).

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1003 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 lena n-údaraítear do Phoblacht na Polainne beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 168, 27.6.2022, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1003/oj).

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1551 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena n-údaraítear don Ghearmáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 188, 27.7.2023, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1551/oj).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1553 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena n-údaraítear don Rómáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 188, 27.7.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1553/oj).

11 https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2020-07/2020_tax_package_tax_action_plan_en.pdf

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise na forála den Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, ní bhaineann prionsabal na coimhdeachta le hábhar.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl aon oibleagáid ann.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuilan oibleagáid maidir le ríomhshonrascadh i gcaidrimh idir gnólachtaí agus rialtais á cur chun feidhme ag an nGréig de réir a chéile, ó mhí Mheán Fómhair 2023 go dtí mí Eanáir 2025, tar éis chur chun feidhme Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí[12]. Thairis sin, de réir na sonraí a chuir an Ghréig ar fáil, tá méadú ag teacht ar úsáid an ríomhshonrasctha i measc gnólachtaí. Ar an meán, ar bhonn laethúil, tarchuireann eintitis níos mó ná 1 700 000 ríomhshonrasc agus admháil mhiondíola trí Sholáthraí Seirbhíse Ríomhshonrasctha, níos mó ná 4 700 000 doiciméad trí chláir bogearraí, níos mó ná 62 000 doiciméad tríd an bhfeidhmchlár 'timologio' agus níos mó ná 9 000 doiciméad tríd an bhFoirm Chlárúcháin Speisialta. Cuirtear an feidhmchlár 'timologio' sin ar fáil saor in aisce agus oireann sé go háirithe do chuideachtaí beaga agus meánmhéide chun a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

Cuirtear san áireamh sa chóras na príomhghnéithe a leagtar síos sa togra maidir le CBL sa ré dhigiteach, chun costais oiriúnaithe neamhriachtanacha a sheachaint nuair a thiocfaidh an togra sin i bhfeidhm. I ndáil leis sin, ceadaítear sonraisc a tharchur trí bhogearraí cuntasaíochta nó trí sholáthraithe seirbhíse. Beidh cáiníocóirí in ann ríomhshonraisc a mhalartú de réir chaighdeán an Aontais agus ní thuairisceoidh siad ach na sonraí is gá chun críoch cánach, seachas an sonrasc iomlán.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid maidir le ríomhshonraisc a úsáid ach amháin maidir le hidirbhearta idir daoine incháanach atá bunaithe sa Ghréig. Ní bheidh tionchar ag an mbeart ar chuideachtaí nach bhfuil bunaithe sa Ghréig, fiú má tá siad cláraithe inti chun críoch cánach, agus ní dhéanfar difear don cheart sonrasc páipéir a fháil i gcás idirbhearta laistigh den Chomhphobal. Ní chuimsítear soláthairtí earraí agus seirbhísí do thomhaltóirí deiridh i raon feidhme an bhirt.

Tá teorainn ama leis an maolú freisin go dtí go gcuirfidh rialacha comhchuibhithe ar chumas na mBallstát ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, is é sin calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac agus cuidiú san am céanna leis an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú.

[12] IO L 133, 6.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/55/oj.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Measúnú tionchair**

Beidh tionchar ag an ríomhshonrascadh sainordaitheach ar an riarachán cánach agus ar dhaoine inchánach araon.

Le ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, soláthrófar sonraí atá níos tapúla ar chaighdeán níos airde d'ardán myDATA, rud a chuideoidh leis na húdaráis chánach neamhdhearbhú nó tearcdhearbhú CBL a bhrath. Cuideofar leo freisin sa chomhrac i gcoinne na calaoise ciorclaí nó 'rothlaí', rud a chuirfidh ar chumas na n-údarás cánach na páirtithe lena mbaineann a shainaithint laistigh de thréimhse níos giorra.

Laghdaigh an Ghréig a bearna comhlíontachta CBL cheana féin ó 29,1 % in 2017 go 17,8 % in 2021. Tríd an ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rannchuideofar leis an bhfigiúr sin a laghdú a thuilleadh.

Thairis sin, laghdófar na hearráidí i dtuairisciú na sonraí le cur chun feidhme an ríomhshonrasctha shainordaithigh. Rannchuideoidh an méid sin le laghdú a chur ar na costais arna dtabhú ag an riarachán cánach agus ag daoine inchánach araon, lena seachnaítear an t-ualach a eascraíonn as an nós imeachta chun botúin den sórt sin a cheartú.

Níor cheart an t-ualach ar ghnólachtaí a thagann as an ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme a bheith ró-ard ós rud é gur cleachtas coiteann é cheana in go leor earnálacha den gheilleagar agus go bhfuil sé ag teacht chun bheith sainordaitheach i réimse an tsoláthair phoiblí. Mar a mhínítear thuas, déantar cuid mhór den tuairisciú chuig ardán myDATA trí shonraisc leictreonacha cheana féin.

Thairis sin, leis an ríomhshonrascadh, éascófar tuairisceáin CBL réamhlíonta a eisiúint, rud a chuideoidh le gnólachtaí a n-oibleagáidí CBL a chomhlíonadh. Leis an ríomhshonrascadh, rannchuideofar freisin le níos mó ná oibleagáid amháin a chomhlíonadh san am céanna, agus laghdófar earráidí agus costais riaracháin dá réir.

De réir na Gréige, ba cheart na costais ar ghnólachtaí a eascraíonn as an oiriúnú don ríomhshonrascadh a chúiteamh trí laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le sonraisc a eisiúint, a sheoladh agus a stóráil i gcomparáid leis an staid atá ann faoi láthair, ach freisin trí na tairbhí do dhaoine inchánach a eascraíonn as feabhas a chur ar a bpróisis trí dhigitiú.

Chun an t-ualach ar ghnólachtaí mar gheall ar an aistriú sin a laghdú, tá dreasachtaí cánach á dtabhairt ag an nGréig do dhaoine inchánach a aistríonn go dtí an ríomhshonrascadh go dtí an 31 Nollaig 2024 agus tá an feidhmchlár 'timologio', lena mbeifear in ann an oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh, á sholáthar aici saor in aisce.

Ina theannta sin, leanfaidh an córas ríomhshonrasctha agus tuairiscithe príomhghnéithe an chórais a áirítear sa togra maidir le CBL sa ré dhigiteach. Leis sin, seachnófar dúbláil costas do dhaoine inchánach agus don riarachán cánach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar i gceist leis an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

2025/0001 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear an Ghréig le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe d'Airteagal 395(1) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 2 Iúil 2024, d'iarr an Ghréig údarú le haghaidh beart speisialta de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE chun ríomhshonrascadh sainordaitheach a thabhairt isteach le haghaidh na n-idirbheart uile a dhéantar idir daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Gréige ('an beart speisialta').

(2) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún iarraidh na Gréige chuig na Ballstáit eile, i litreacha dar dáta an 24 Meán Fómhair 2024. Le litir dar dáta an 25 Meán Fómhair 2024, thug an Coimisiún fógra don Ghréig go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a thabhairt ar an iarraidh.

(3) Tá ardán digiteach ar a dtugtar 'myDATA' i bhfeidhm ag an nGréig. Ní mór d'eintitis a bhfuil sé d'oibleagáid orthu taifid chuntasaíochta a choinneáil faoi reachtaíocht na Gréige sonraí idirbheart ioncaim agus costais a tharchur chuig an ardán sin. Le cur chun feidhme an ríomhshonrasctha shainordaithigh, beifear in ann na sonraí ó shonraisc leictreonacha a chur díreach ar ardán myDATA. Mar thoradh air sin, tiocfaidh an fhaisnéis isteach i bhfíor-am agus beidh ardleibhéal cáilíochta aici, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca agus níos sciobtha don riarachán cánach cásanna neamhdhearbhaithe nó tearcdhearbhaithe CBL a bhrath. Thairis sin, cuideofar leis an riarachán cánach sa chomhrac i gcoinne na calaoise ciorclaí nó 'rothlaí', rud a fhágfaidh go mbeifear in ann na páirtithe lena mbaineann a shainaithint laistigh de thréimhse níos giorra.

(4) Measann an Ghréig nach mbeidh ualach an- ard ag baint leis an ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme maidir le daoine inchánach, ós rud é gur cleachtas coiteann é cheana in go leor earnálacha den gheilleagar agus go bhfuil sé sainordaitheach i réimse an tsoláthair phoiblí. Thairis sin, beidh sé níos éasca tuairisceáin CBL réamhlíonta a eisiúint a bhuí leis an ríomhshonrascadh agus beidh

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

daoine inchánach in ann níos mó ná oibleagáid amháin a chomhlíonadh san am céanna, rud a laghdóidh earráidí agus costais riaracháin. De réir na Gréige, ba cheart na costais ar ghnólachtaí mar gheall ar an oiriúnú do ríomhshonrascadh a chúiteamh trí laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le sonraisc a eisiúint, a sheoladh agus a stóráil i gcomparáid leis an staid atá ann faoi láthair, agus trí na tairbhí do dhaoine inchánach a eascraíonn as feabhas a chur ar a bpróisis trí dhigitiú.

(5) An 8 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[2]. Trí bhíthin na Treorach sin, molann an Coimisiún go leasófaí Airteagal 218 agus go scriosfaí Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE. Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra i gcruinniú ECOFIN an 5 Samhain, agus rachaidh sí i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís sula nglacfaidh sí an togra go foirmiúil. A luaithe a ghlacfar an togra, cuirfear ar chumas na mBallstát ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, agus dá bhrí sin cuirfear deireadh leis an ngá bearta breise eile a iarraidh de mhaolú ar Threoir 2006/112/CE. Dá bhrí sin, ón dáta a cheanglófar ar na Ballstáit aon fhoráil náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir atá beartaithe a chur i bhfeidhm, ba cheart don Chinneadh seo scor d'fheidhm a bheith aige.

(6) Níor cheart difear a dhéanamh do cheart na gcustaiméirí sonraisc pháipéir a fháil de thoradh an bhirt speisialta i gcás idirbhearta laistigh den Chomhphobal.

(7) Tá an beart speisialta i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú ós rud é go bhfuil teorainn ama agus raon feidhme leis. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis an mbeart speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(8) Ní dhéanfaidh an beart speisialta difear diúltach do mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais dheiridh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 218 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear an Ghréig gan glacadh ach le sonraisc, arna n-eisiúint ag daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Gréige, i bhfoirm doiciméad nó teachtaireachtaí i bhformáid leictreonach.

*Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear an Ghréig le foráil a dhéanamh nach mbeidh úsáid ríomhshonrasc arna n-eisiúint ag daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Gréige faoi réir ghlacadh an fhaighteora atá bunaithe i gcríoch na Gréige.

*Airteagal 3*

Tabharfaidh an Ghréig fógra don Choimisiún faoi na bearta náisiúnta lena gcuirfear chun feidhme na bearta speisialta le haghaidh maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2.

---

[2] COM/2022/701 final.

*Airteagal 4*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Iúil 2025 go dtí an dáta is luaithe den dá dháta seo a leanas:

(a) an 30 Meitheamh 2026; nó

(b) an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit aon fhoráil náisiúnta a chur i bhfeidhm lena dtrasuitear treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, go háirithe Airteagail 218 agus 232 den Treoir sin, i gcás ina nglacfar an treoir sin.

*Airteagal 5*

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*